



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

an Bhruiséil, 3 Feabhra 2026  
(OR. en)

15810/25

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2025/0414 (NLE)

---

LIMITE

INDEF 162  
COTRA 48  
POLMIL 376  
COPS 618  
FIN 1441  
ECOFIN 1590  
UEM 583  
FISC 336  
COMPET 1223  
MAP 138  
IND 537

#### **GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

Ábhar: Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ceanada lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha cheanada agus táirgí de thionscnamh cheanada sa soláthar faoi ionstraim safe

---



COMHAONTÚ  
IDIR AN TAONTAS EORPACH  
AGUS CEANADA  
LENA LEAGTAR SÍOS NA COINNÍOLLACHA  
MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT EINTITIS  
DHLÍTHEANACHA CHEANADA AGUS TÁIRGÍ  
DE THIONSCNAMH CHEANADA  
SA SOLÁTHAR FAOI IONSTRAIM SAFE

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta,

de pháirt amháin, agus

CEANADA,

den pháirt eile,

dá ngairtear ‘an Páirtí’ ar bhonn aonair agus ‘na Páirtithe’ i gcomhpháirt anseo feasta,

AG AITHINT DÓIBH go bhfuil timpeallacht slándála atá luaineach agus ag éirí níos dúshlánaí os comhair an Aontais agus Cheanada, mar a léiríodh le cogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin;

AG ADMHÁIL DÓIBH thabhairt i gcrích na *Comhpháirtíochta Slándála agus Cosanta idir an tAontas Eorpach agus Ceanada* an 23 Meitheamh 2025, lena leathnaítear an comhar i raon leathan réimsí, amhail an tsoghluaisteacht mhíleata agus an idir-inoibritheacht, slándáil mhuirí agus spáis, agus tionscnaimh chosanta an Aontais agus Cheanada, lena n-áirítear malartú faisnéise maidir le hábhair a bhaineann leis an tionscal cosanta;

AG ADMHÁIL DÓIBH a thábhachtaí atá cosaint Eorpach níos láidre agus níos cumasaí a chuireann leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach agus atá comhleanúnach go hiomlán le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (‘ECAT’);

AG DEARBHÚ DÓIBH go bhfuil an chomhpháirtíocht straitéiseach le ECAT, a atreíonn a chéile agus atá comhlántach, bunriachtanach don tslándáil Eora-Atlantach, agus go bhfuil ECAT fós mar bhunchloch na cosanta comhchoitinne do Cheanada agus do 23 Bhallstát an Aontais ar Comhghuaillithe ECAT iad freisin;

AG MEABHRÚ DÓIBH na méine comhroinnte atá acu an caidreamh slándála agus cosanta idir Ceanada agus an tAontas a dhoimhniú agus comhpháirtíocht níos dlúithe, níos cothroime agus a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a chothú idir Ceanada agus an tAontas chun tacú le comhar cosanta praiticiúil agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní cosanta;

AG ADMHÁIL DÓIBH go n-éascóidh an comhar tionsclaíoch i réimse na cosanta a chumasaítear leis an gComhaontú seo idir an tAontas Eorpach agus Ceanada lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada agus táirgí de thionscnamh Cheanada sa soláthar faoin ionstraim SAFE<sup>1</sup> ('an Comhaontú') deiseanna eacnamaíocha amhail fás méadaithe agus deiseanna fostaíochta ar fud Cheanada,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO AE L, 2025/1106, 28.5.2025, <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj>).

## CUID 1

### FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS INSTITIÚIDEACHA

#### AIRTEAGAL 1

##### Cuspóir agus Raon feidhme

Is é is cuspóir don Chomhaontú seo na coinníollacha a leagan síos maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada agus táirgí de thionscnamh Cheanada i soláthairtí a fhaigheann tacaíocht ó Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh ('Ionstraim SAFE' nó 'Rialachán (AE) 2025/1106') i gcomhréir le hAirteagal 17 de.

#### AIRTEAGAL 2

##### Sainmhínte

Chun críoch an Chomhaontaithe seo,

- (a) ciallaíonn 'eintiteas dlítheanach Cheanada' aon duine dlítheanach nó aon eintiteas arna bhunú nó arna eagrú faoi dhlí Cheanada is infheidhme, bíodh sé sin chun críoch brabúis nó ná bíodh, agus cibé acu atá sé faoi úinéireacht príobháideach nó rialtais agus faoi rialú príobháideach nó rialtais, lena n-áirítear corparáid, iontaobhas, comhpháirtíocht, comhfhiontar nó comhlachas eile;

- (b) ciallaíonn ‘Ballstát’ Ballstát den Aontas;
- (c) ciallaíonn ‘triú tíortha’ tíortha cé is moite de na Ballstáit, de Stáit an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch ar comhaltaí iad de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (Stáit CSTE LEE), den Úcráin agus de Cheanada;
- (d) ciallaíonn ‘táirgí cosanta’ earraí, seirbhísí agus oibreacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1</sup>, mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Treoir sin, agus, i gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Rialachán (AE) 2025/1106, áirítear orthu sin:
- (i) trealamh míleata a dheartar nó a oiriúnaítear go sonrach chun críoch míleata agus atá beartaithe lena úsáid mar arm, muinisin nó ábhar cogaidh, lena n-áirítear aon pháirteanna, comhpháirteanna nó fochóimeálacha díobh;
  - (ii) trealamh íogair chun críoch slándála, lena mbaineann, lena n-éilítear nó ina bhfuil faisnéis rúnaicmithe, lena n-áirítear aon pháirteanna, comhpháirteanna agus/nó fochóimeálacha de;
  - (iii) oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí íogaire chun críoch slándála, lena mbaineann, lena n-éilítear nó ina bhfuil faisnéis rúnaicmithe agus a bhaineann go díreach leis an trealamh míleata nó íogair le haghaidh aon ghné agus gach gné dá shaolré; agus

---

<sup>1</sup> Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarhacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE (IO AE L 216 20.8.2009, lch. 76, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj>).

- (iv) seirbhísí íogaire chun críoch slándála agus míleata nó oibreacha íogaire agus seirbhísí íogaire lena mbaineann, lena n-éilítear nó ina bhfuil faisnéis rúnaicmithe;
- (e) ciallaíonn ‘táirgí eile chun críoch cosanta’ aon earra, seirbhís nó obair seachas na hearraí, seirbhísí agus oibreacha a thagann faoi chatagóir ‘táirge cosanta’, faoi phointe (d) den Airteagal seo, agus a bhfuil gá leo chun críoch cosanta nó arb é an chosaint is aidhm dóibh;
- (f) ciallaíonn ‘rialú’ maidir le conraitheoir nó fochonraitheoir an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, ar an gconraitheoir nó ar an bhfochonraitheoir sin trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó;
- (g) ciallaíonn ‘struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin’ comhlacht eintitis dhlítheanaigh, a cheapar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus, i gcás inarb infheidhme, a thugann tuarascáil do phríomhoifigeach feidhmiúcháin, a chumhachtaítear chun straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an eintitis dhlítheanaigh sin a bhunú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht na bainistíochta;
- (h) ciallaíonn ‘fochonraitheoirí atá rannpháirteach sa soláthar a fhaigheann tacaíocht ó ionstraim SAFE’ aon eintiteas dlítheanach a sholáthraíonn ionchuir chriticiúla a bhfuil tréithe uathúla acu atá fíor-riachtanach d’fheidhmiú táirge agus ar a leithdháiltear 15 % ar a laghad de luach an chonartha, agus ag a bhfuil gá le rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe ar mhaithe le feidhmiú an chonartha.

## AIRTEAGAL 3

Gan difear a dhéanamh do Dhlí Náisiúnta na mBallstát agus  
d'Inniúlacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

1. Ní dhéanann an Comhaontú seo difear do na rialacha nós imeachta a bhfuil feidhm acu maidir le soláthairtí na mBallstát is infheidhme maidir le haon dámhachtain a thagann faoi raon feidhme Ionstraim SAFE. Ní féidir agóid a dhéanamh in aghaidh aon chinneadh ó údaráis na mBallstát maidir leis na dámhachtainí sin ach amháin i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.
2. Ní féidir agóid a dhéanamh in aghaidh bhailíocht aon chinnidh nó gníomhartha eile ó aon institiúid de chuid an Aontais a bhaineann le hIonstraim SAFE ach amháin os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

## AIRTEAGAL 4

Forálacha Institiúideacha

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo Comhchoiste SAFE ina bhfuil ionadaithe de chuid an Aontais agus Cheanada.
2. Ainmneoidh gach Páirtí Pointe Teagmhála chun cumarsáid idir na Páirtithe a éascú, agus tabharfaidh siad fógra don Pháirtí eile faoina Phointe Teagmhála agus faoi aon athrú ar a Phointe Teagmhála.
3. Tiocfaidh Comhchoiste SAFE le chéile arna iarraidh sin do Pháirtí. Cinnfidh Comhchoiste SAFE a sceideal cruinnithe agus a chlár oibre, agus glacfaidh sé a rialacha nós imeachta féin.

4. Tá Comhchoiste SAFE freagrach as gach ceist maidir le cur chun feidhme agus léirmhíniú an Chomhaontaithe seo.
5. Ar fheidhmeanna eile Chomhchoiste SAFE, tá an méid seo a leanas:
- (a) cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a mhaoirsiú agus a éascú agus cur chun cinn a aidhmeanna ginearálta;
  - (b) bealaí agus modhanna iomchuí a lorg chun fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a chosc nó chun aon ábhar a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach; agus
  - (c) aon ábhar leasa a bhaineann le réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a mheas.
6. Féadfaidh Comhchoiste SAFE:
- (a) faisnéis a mhalartú atá ábhartha maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear faisnéis faoi reachtaíocht nua, faoi bhearta nua nó faoi chláir náisiúnta nua;
  - (b) cumarsáid a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear na Ballstáit, a n-údaráis chonarhacha nó an earnáil phríobháideach; agus
  - (c) gníomhaíocht eile a dhéanamh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna de réir mar a chinnfidh na Páirtithe.

7. Chun tacú le cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe seo, déanfaidh údaráis inniúla Cheanada, an Aontais agus na mBallstát faisnéis a mhalartú go rialta agus, arna iarraidh sin do cheann de na Páirtithe sa Chomhaontú seo, rachaidh siad i gcomhairle le chéile.
8. Déanfar faisnéis rúnda agus sonraí pearsanta a áirítear sa mhalartú faisnéise dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo a chosaint i gcomhréir le comhaontuithe déthaobhacha ábhartha agus i gcás nach bhfuil na comhaontuithe sin infheidhme, de réir dhlíthe agus rialacháin náisiúnta na bPáirtithe.

## CUID 2

### COINNÍOLLACHA MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT

#### AIRTEAGAL 5

Cur i bhfeidhm na gCoinníollacha Incháilitheachta dá dtagraítear in Airteagal 16 d'Ionstraim SAFE maidir le hEintitis Dhlítheanacha agus Táirgí Cheanada

1. Féadfaidh eintitis dhlítheanacha Cheanada a bheith rannpháirteach i soláthar a fhaigheann tacaíocht ó ionstraim SAFE, mar chonraitheoirí agus mar fhochonraitheoirí a bhfuil baint acu le soláthar a fhaigheann tacaíocht ó ionstraim SAFE, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i míreanna 2 go 7 den Airteagal seo.

2. Ní mór d'eintitis dhlítheanacha Ceanada a bheith bunaithe i gCeanada agus a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin a bheith i gCeanada, san Aontas, i Stát CSTE LEE nó san Úcráin. Ní mór nach mbeidh siad faoi réir rialú ag tríú tír nó ag eintiteas atá bunaithe i dtríú tír, nó atá bunaithe san Aontas, i Stát CSTE LEE, san Úcráin nó i gCeanada agus a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin i dtríú tír.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, eintiteas dlítheanach de chuid Ceanada arna rialú ag tríú tír nó ag eintiteas atá bunaithe i dtríú tír, nó atá bunaithe san Aontas, i Stát CSTE LEE, san Úcráin, nó i gCeanada agus a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin i dtríú tír, féadfaidh sé a bheith rannpháirteach i soláthar a fhaigheann tacaíocht ó ionstraim SAFE má sholáthraíonn sé ráthaíocht a bheidh le fíorú ag Ballstát amháin ar a laghad atá rannpháirteach sa soláthar sin. Ní mór dearbhuithe a sholáthar sa ráthaíocht nach sárófar leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear i gcreat an chomhbheartais eachtraigh agus slándála de bhun Theideal V den *Chonradh ar an Aontas Eorpach* de thoradh rannpháirtíocht an chonraitheora nó an fhochonraitheora a bhfuil baint aige leis an soláthar sin.

4. Ní mór na ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a bheith bunaithe ar theimpléad caighdeánaithe arna sholáthar ag an gCoimisiún Eorpach ('an Coimisiún') nach mór a bheith mar chuid de na sonraíochtaí tairisceana. Ní mór do na ráthaíochtaí bunús a thabhairt go háirithe, chun críocha an tsoláthair a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE, go bhfuil bearta i bhfeidhm chun an méid seo a leanas a áirithiú:

- (a) ní fheidhmítear rialú ar an gconraitheoir nó ar an bhfochonraitheoir a bhfuil baint aige leis an soláthar a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE ar bhealach lena gcuirtear srian nó teorainn lena chumas an t-ordú a chomhlíonadh agus torthaí a bhaint amach; agus

(b) tríú tír nó eintiteas atá bunaithe i dtríú tír, nó atá bunaithe san Aontas, i Stát CSTE LEE, san Úcráin nó i gCeanada agus a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin i dtríú tír, cuirtear cosc uirthi nó air rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe a bhaineann leis an soláthar a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE agus tá imréiteach slándála náisiúnta arna eisiúint ag Ballstát nó ag Ceanada ag na fostaithe, nó ag daoine eile, a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch, i gcomhréir lena ndlíthe agus lena rialacháin náisiúnta faoi seach.

5. An t-údarás conarthach a dhéanann soláthar a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún maidir leis na ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo. Cuirfidh an t-údarás conarthach tuilleadh faisnéise maidir leis na ráthaíochtaí ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó.

6. Maidir le bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní na gconraitheoirí agus na bhfochonraitheoirí a bhfuil baint acu le soláthar a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE a úsáidtear chun críocha an tsoláthair chomhoibríoch, beidh siad lonnaithe ar chríoch Cheanada, Ballstáit, Stát CSTE LEE, nó na hÚcráine. I gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach ná bonneagar, saoráidí, sócmhainní ná acmhainní ábhartha le fáil go héasca ag eintitis dhlítheanacha Cheanada ar chríoch Cheanada, Ballstáit, Stát CSTE LEE, nó na hÚcráine, féadfaidh siad úsáid a bhaint as a mbonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní atá lonnaithe nó atá acu i dtríú tír, ar choinníoll gur fhíoraigh ar a laghad Ballstát amháin atá rannpháirteach sa soláthar nach sáraíonn an úsáid sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát.

7. Agus an bonneagar, na saoráidí, na sócmhainní agus na hacmhainní atá lonnaithe i dtríú tír nó atá acu i dtríú tír i gcomhréir le mír 6 den Airteagal seo á n-úsáid acu, ní mór d'eintitis dhlítheanacha Cheanada faisnéis maidir leis na bearta a dhéantar chun na críche sin a sholáthar don údarás conarthach a dhéanann an soláthar a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith bunaithe ar theimpléad caighdeánaithe arna sholáthar ag an gCoimisiún nach mór a bheith mar chuid de na sonraíochtaí tairisceana.

8. Féadfaidh costas na gcomhpháirteanna de thionscnamh Cheanada a bheith níos mó ná 35 % de chostas measta chomhpháirteanna an táirge deiridh. Costas na gcomhpháirteanna ar de thionscnamh an Aontais, Stát CSTE LEE nó na hÚcráine iad, ní bheidh na costais sin níos ísle ná 20 % de chostas measta chomhpháirteanna an táirge deiridh. Ní mór gan costas na gcomhpháirteanna ó thríú tíortha a bheith níos mó ná costas na gcomhpháirteanna ar de thionscnamh an Aontais, Stáit CSTE LEE, nó na hÚcráine iad, agus in aon chás ní mór gan é a bheith níos mó ná 35 % de chostas chomhpháirteanna an táirge deiridh.

9. Ní fhéadfar aon chomhpháirt a fháil ó thríú tír a sháraíonn leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear i gcreat an chomhbheartais eachtraigh agus slándála de bhun Theideal V den *Chonradh ar an Aontas Eorpach*. Soláthróidh an t-údarás conarthach a dhéanann an soláthar a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE dearbhú comhlíontachta a bhfuil údar leis do na Ballstáit atá rannpháirteach sa soláthar lena suitear nach bhfaightear aon chomhpháirt ó thríú tír a sháraíonn na leasanna sin. Cuirfear an dearbhú sin ar fáil don Choimisiún.

10. I gcás táirgí cosanta a bhaineann le catagóir a dó dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (b), de Rialachán (AE) 2025/1106, ní mór é a bheith de chumas ag eintitis dhlítheanacha Ceanada a bhfuil baint acu mar chonraitheoirí le soláthar a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE cinneadh a dhéanamh, gan srianta arna bhforchur ag tríú tíortha nó ag eintitis atá bunaithe i dtríú tír, nó atá bunaithe san Aontas, i Stát CSTE LEE, san Úcráin nó i gCeanada agus a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin i dtríú tír, maidir le sainmhíniú, oiriúnú agus éabhlóid dhearadh an táirge cosanta arna sholáthar, lena n-áirítear an t-údarás dlíthiúil comhpháirteanna a ionadú nó a bhaint atá faoi réir srianta arna bhforchur ag tríú tíortha nó ag eintitis atá bunaithe i dtríú tír, nó atá bunaithe san Aontas, i Stát CSTE LEE, san Úcráin nó i gCeanada agus a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin i dtríú tír. Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil baint acu leis an soláthar sin a cheangal, sa chonradh soláthair, go dtabharfaidh eintitis dhlítheanacha Ceanada dearbhuithe gur féidir leo tairbhe éifeachtach a bhaint as an gcumas sin i gcás inar gá.

## AIRTEAGAL 6

### Ranníocaíocht airgeadais

1. Rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Ceanada i gconarthaí soláthair a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE, tá sí faoi réir ranníocaíocht airgeadais a bheith á híoc ag Ceanada.
2. Is éard atá sa ranníocaíocht airgeadais:
  - (a) ranníocaíocht riaracháin atá ábhartha go díreach chun Ionstraim SAFE a bhainistiú agus le haghaidh costais riaracháin chothrománacha eile atá ábhartha chun Ionstraim SAFE a bhainistiú; agus

- (b) ranníocaíocht rannpháirtíochta a dhíorthaítear ó rannpháirtíocht eintitis Cheanada in Ionstraim SAFE.
3. Íocfaidh Ceanada an ranníocaíocht riaracháin EUR 2 500 000 ar dháta chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo, nó ar dháta a theacht i bhfeidhm, cibé acu is luaithe, agus ní bheidh sé faoi réir coigeartuithe cúlghabhálacha.
4. Is éard atá sa ranníocaíocht rannpháirtíochta dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), 15 % de luach inneachar Cheanada i gconarthaí atá bunaithe ar na coinníollacha a leagtar amach sa Chomhaontú seo.
5. Íocfar an ranníocaíocht rannpháirtíochta:
- (a) le tráthchuid tosaigh EUR 7 500 000 ar dháta chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo, nó ar dháta a theacht i bhfeidhm, cibé acu is luaithe.
- (b) ag tosú i mí an Mhárta 2027, i dtráthchodanna bliantúla d'aon mhéid breise atá dlite ag Ceanada i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis gComhaontú seo.
6. Déanfar athbhreithniú deiridh i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú seo.

## AIRTEAGAL 7

### Bearta chun slándáil an tsoláthair táirgí cosanta arna soláthar le tacaíocht ó ionstraim SAFE a atreisiú

1. Áiritheoidh Ceanada, i gcás soláthairtí a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE, go mbeidh rochtain ag údaráis chonarthaigh na mBallstát a bhfuil baint acu leis na soláthairtí sin ar tháirgí cosanta de thionscnamh Cheanada faoi choinníollacha nach lú fabhar ná na coinníollacha a thugtar dá údaráis chonarthaigh agus dá eintitis dhlítheanacha féin, lena n-áirítear i gcásanna suaití suntasacha soláthair as a n-eascraíonn neamhábaltacht táirgí a sheachadadh laistigh de thréimhse réasúnta ama. Chuige sin, maidir le hiarratais a bhaineann le ceadúnais onnmhairiúcháin nó ceadanna táirgí cosanta atá á n-onnmhairiú chuig an Aontas agus a bhaineann le soláthar faoin Ionstraim SAFE, geallfaidh Ceanada go ndéanfar na hiarratais sin a phróiseáil ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin intíre.
2. Áiritheoidh Ceanada, a luaithe a bheidh táirge de thionscnamh Cheanada onnmhairithe chuig an Aontas, nach bhforchuirfidh sé srianta breise maidir le hathaistrithe ina dhiaidh sin laistigh den Aontas. Tá an méid sin gan dochar don fhéidearthacht atá ag Ceanada dearbhuithe úsáide deiridh a iarraidh, lena n-áirítear faoin *Acht um Cheadanna Onnmhairiúcháin agus Allmhairiúcháin*.
3. Chun a áirithiú nach gcuirfidh oibleagáidí dlíthiúla atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ar eintitis dhlítheanacha Cheanada cosc ná moill ar fhorghníomhú conarthaí a fhaigheann tacaíocht ó ionstraim SAFE, déanfaidh Ceanada, a mhéid is indéanta, gach beart is gá chun faisnéis maidir le táirgí cosanta a chomhroinnt le Comhchoiste SAFE faoi réir conarthaí a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE de thionscnamh a chríche agus atá faoi réir bearta tosaíochta féideartha nó iarbhír ó thríú tíortha.

4. Spreagfaidh Ceanada eintitis dhlítheanacha Ceanada a bhfuil baint acu le forghníomhú conarthaí a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE chun cód iompair maidir le tosaíocht a thabhairt, gealltanais a thabhairt cloí le prionsabail na cothroime, na trédhearcachta agus an chomhair i leithdháileadh acmhainní agus i gcur in ord tosaíochta gníomhaíochtaí a shíniú agus a chur chun feidhme i gcomhthéacs soláthairtí a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE agus sa bhreis ar na ceanglais a áirítear sna doiciméid soláthair agus sa chonradh soláthair. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle le Ceanada, an cód iompair a fhorbairt faoi dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

## AIRTEAGAL 8

Beartha chun caighdeánú na gcóras cosanta a mhéadú  
agus chun idir-inoibritheacht níos fearr idir  
cumais na mBallstát agus Ceanada a mhéadú

I gcomhthéacs soláthairtí a fhaigheann tacaíocht ó ionstraim SAFE, ní chuirfidh Ceanada cosc ar eintitis dhlítheanacha Ceanada cloí leis na caighdeáin a úsáidtear i ndoiciméid agus conarthaí soláthair, amhail Comhaontuithe ECAT maidir le caighdeáin ('STANAGanna'), caighdeáin shibhialtacha arna bhforbairt ag Eagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú, caighdeáin idirnáisiúnta nó aon chaighdeáin eile arna n-aithint ag an Aontas.

## AIRTEAGAL 9

### Malartú Faisnéise Rúnaicmithe

1. Déanfar malartuithe agus cosaint fhaisnéis rúnaicmithe gach Páirtí i gcomhréir lena ndlí faoi seach agus leis an *gComhaontú idir Ceanada agus an tAontas Eorpach maidir le Nósanna Imeachta Slándála le haghaidh Malartú agus Cosaint Faisnéise Rúnaicmithe*, a rinneadh sa Bhruiséal an 4 Nollaig 2017, chomh maith lena Shocrú Riaracháin Cur Chun Feidhme.
2. Féadfaidh Ceanada faisnéis rúnaicmithe a mhalartú le marcáil aicmiúcháin náisiúnta leis na Ballstáit sin a bhfuil socrú nó comhaontú slándála déthaobhach tugtha i gcrích aige leo chun na críche sin.

### *Airteagal 10*

#### **Fíoruithe Comhpháirteacha**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme conarthaí faoin *gComhaontú seo* i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais.
2. Arna iarraidh sin do Bhallstát nó don Aontas, agus má fhoráiltear dó sa chonradh le haghaidh soláthar a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE, déanfaidh na Páirtithe fíorú comhpháirteach. Déanfar an fíorú comhpháirteach i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin náisiúnta agus féadfar fíorú ar an láthair ar eintiteas dlítheanach Ceanada a áireamh ann.

3. Féadfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, cuireadh a thabhairt do ghníomhairí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais (lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise) páirt a ghlacadh i bhfíorú comhpháirteach.
4. Mar chuid d'fhíorú comhpháirteach, beidh rochtain ag na húdaráis rannpháirteacha ar fhaisnéis agus ar dhoiciméadacht ábhartha, lena n-áirítear, más gá, comhaid leictreonacha. Beidh aon fhaisnéis a bhfaighfear rochtain uirthi mar chuid d'fhíorú comhpháirteach faoi réir comhaontuithe ábhartha, agus faoi réir dlíthe agus rialacháin lena gcosnaítear faisnéis rúnaicmithe nó faisnéis rúnda ghnó a bhfuil luach tráchtála ag baint léi a eascraíonn óna rúndacht.
5. Agus iarraidh ar fhíorú comhpháirteach faoi mhír 2 den Airteagal seo á déanamh ag Ballstát nó ag an Aontas, tabharfaidh sé fógra do Cheanada, laistigh de thréimhse réasúnta ama roimh ré, faoi ábhar, cuspóir agus bunús dlí an fhíoraithe chomhpháirtigh arna iarraidh.
6. Roinnfear torthaí agus measúnuithe an fhíoraithe chomhpháirtigh faoi seach leis na húdaráis uile atá rannpháirteach san fhíorú comhpháirteach.
7. An tAontas agus na Ballstáit a bhfuil táirgí a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE á soláthar acu nó a bhfuil sé beartaithe acu iad a sholáthar ó eintitis dhlítheanacha Cheanada, cuirfidh Ceanada ar an eolas iad, gan mhoill, faoi aon chás calaoise nó gníomhaíochta neamhdhleathaí eile ar thaobh eintiteas dhlítheanach Cheanada atá rannpháirteach i soláthar a bhaineann le hIonstraim SAFE atá tugtha faoi deara aige agus a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

## CUID 3

### FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

#### AIRTEAGAL 11

##### Raon Feidhme Críochach

Tá feidhm ag an gComhaontú seo sna háiteanna seo a leanas:

- (a) na críocha ina bhfuil feidhm ag an *gConradh ar an Aontas Eorpach*, ag an *gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh* agus ag an *gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach*, agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin; agus
- (b) críoch Cheanada.

#### AIRTEAGAL 12

##### Iarscríbhinní agus Fonótaí

Beidh na hIarscríbhinní agus na fonótaí a ghabhann leis an gComhaontú seo ina gcodanna dílse den Chomhaontú seo.

### *Airteagal 13*

#### **Comhairliúcháin agus Réiteach Díospóidí**

1. Féadfaidh Páirtí comhairliúcháin a iarraidh leis an bPáirtí eile maidir le haon ábhar a eascróidh faoin gComhaontú seo ach iarraidh i scríbhinn a chur chuig Pointe Teagmhála an Pháirtí eile. Cuirfidh an Páirtí an t-ábhar i láthair go soiléir san iarraidh, sainaitheoidh sé na ceistanna atá i gceist, agus soláthróidh sé achoimre ghearr ar aon éilimh faoin gComhaontú seo. Ní mór tús a chur le comhairliúcháin go pras tar éis do Pháirtí iarraidh ar chomhairliúcháin a sheachadadh.
2. Le linn comhairliúcháin, soláthróidh gach Páirtí don Pháirtí eile dóthain faisnéise atá ina sheilbh chun go bhféadfar scrúdú iomlán a dhéanamh ar na hábhair arna n-ardú, faoi réir a dhlí maidir le faisnéis rúnda nó dílseánaigh a chosaint agus faoi réir a oibleagáidí faoi Airteagal 9 den Chomhaontú seo.
3. Más ábhartha, agus má thoilíonn an dá Pháirtí leis, lorgóidh na Páirtithe faisnéis nó tuairimí ó aon duine, eagraíocht, nó aon chomhlacht, lena n-áirítear aon údarás conarthach, conraitheoir nó fochonraitheoir lena mbaineann, a d'fhéadfadh rannchuidiú le scrúdú a dhéanamh ar an ábhar atá i gceist.
4. Má mheasann Páirtí go bhfuil gá le tuilleadh plé ar an ábhar, féadfaidh an Páirtí sin a iarraidh go dtionólfar Comhchoiste SAFE chun an cheist a bhreithniú trí iarraidh i scríbhinn a chur chuig Pointe Teagmhála an Pháirtí eile. Ní mór do Chomhchoiste SAFE tionól go pras tar éis do Pháirtí iarraidh den sórt sin a sheachadadh agus féachfaidh sé leis an ábhar a réiteach.

5. Féachfaidh na Páirtithe leis an ábhar a réiteach trí chomhairliúcháin. Maidir le hábhair a bhaineann le ranníocaíocht airgeadais Ceanada faoin gComhaontú seo, féadfaidh ceachtar Páirtí dul ar iontaoibh na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach i Roinn B, Foroinn A de Roinn C agus Roinn D de Chaibidil 29 (seachas an abairt dheireanach d'Airteagal 29.17) den *Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir Ceanada agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit* ('CETA'), arna dhéanamh sa Bhruiséil an 30 Deireadh Fómhair 2016. I gcomhréir le hAirteagal 29.10 CETA, beidh rialú ó phainéal eadrána ina thuarascáil chríochnaitheach ina cheangal ar na Páirtithe. Aon tagairt d'fhógraí a thabhairt do Chomhchoiste CETA i gCaibidil 29 CETA, tuigfear í chun críoch an Chomhaontaithe seo mar thagairtí don Chomhchoiste SAFE a bhunaítear le hAirteagal 4 den Chomhaontú seo.

6. Déanfaidh an Páirtí is freagróir aon bheart is gá chun an tuarascáil chríochnaitheach ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis do na Páirtithe an tuarascáil chríochnaitheach sin ón bpainéal eadrána a fháil.

7. Mura gcomhlíonann an Páirtí is freagróir an tuarascáil chríochnaitheach ón bpainéal eadrána, féadfaidh an Páirtí is iarrthóir a oibleagáidí a chur ar fionraí nó cúiteamh a fháil ar leibhéal atá coibhéiseach leis an méid airgeadais arna chinneadh ag an bpainéal eadrána.

## AIRTEAGAL 14

### Fionraí agus Foirceannadh

1. Féadfaidh an tAontas cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a chur ar fionraí i gcás nach n-íocfar aon ranníocaíocht atá dlite ag Ceanada i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú seo agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú seo.

2. Tabharfaidh an tAontas fógra i scríbhinn do Cheanada maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a chur ar fionraí agus gabhfaidh éifeacht leis 45 lá tar éis do Cheanada an fógra a fháil.
3. I gcás ina gcuirfear cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar fionraí, ní bheidh eintitis dhlítheanacha Cheanada incháilithe a bheith rannpháirteach i nósanna imeachta dámhachtana nach bhfuil tugtha i gcrích go fóill nuair a chuirfear an fhionraí i bhfeidhm. Measfar nós imeachta dámhachtana a bheith tugtha i gcrích nuair a ghlacfar gealltanais dhlíthiúla de lámh mar thoradh ar an nós imeachta sin.
4. Tabharfaidh an tAontas fógra láithreach do Cheanada a luaithe a gheobhaidh sé méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá dlite. Cuirfear deireadh leis an bhfionraí láithreach ar an bhfógra sin a fháil.
5. Ar an dáta a chuirfear deireadh leis an bhfionraí, beidh eintitis dhlítheanacha Cheanada incháilithe arís le bheith rannpháirteach i nósanna imeachta dámhachtana, ar nósanna imeachta dámhachtana iad nach bhfuil na sprioc-amanna chun iarratais a chur isteach dultha in éag.
6. Más rud é, tar éis dheireadh thréimhse infhaighteachta na n-iasachtaí faoi Ionstraim SAFE, nó tar éis do cheann de na Páirtithe an Comhaontú seo a fhoirceannadh de bhun mhíreanna 8 agus 9 den Airteagal seo, nár chomhlíon Ceanada a oibleagáid an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chomhaontú seo a íoc, agus nár cuireadh deireadh le fionraí ar bith faoi mhír 1, beidh an tAontas, tar éis dó fógra a thabhairt do Cheanada, i dteideal cúiteamh a fháil as an méid airgeadais atá dlite ag Ceanada. Beidh an cúiteamh a bheith coibhéiseach i dtéarmaí airgeadais leis an méid atá dlite ag Ceanada, lena n-áirítear cur i bhfeidhm úis ar íocaíocht dhéanach i gcomhréir le mír 6 d'Airteagal 1 d'Iarscríbhinn I. Tabharfaidh an tAontas fógra láithreach do Cheanada nuair a gheobhaidh sé méid iomlán na ranníocaíochta riaracháin nó na ranníocaíochta rannpháirtíochta.

7. Maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a chur ar fionraí, ní dhéanfar difear do na gealltanais dhlíthiúla arna nglacadh de lámh le heintitis dhlítheanacha Cheanada ngabhfaidh éifeacht leis an bhfionraí sin. Leanfaidh an Comhaontú seo d'fheidhm a bheith aige maidir leis na gealltanais dhlíthiúla sin.

8. Féadfaidh ceachtar Páirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh tráth ar bith trí fhógra i scríbhinn faoin bhfoirceannadh a thabhairt don Pháirtí eile. Gabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh 90 lá tar éis an dáta a gheobhaidh an Páirtí eile an fógra i scríbhinn. Is éard a bheidh sa dáta foirceanta chun críocha an Chomhaontaithe seo, an dáta a thiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm.

9. Má dhéantar an Comhaontú seo a fhoirceannadh i gcomhréir le mír 8 den Airteagal seo, comhaontaíonn na Páirtithe an méid seo a leanas:

- (a) maidir le gealltanais dhlíthiúla arna nglacadh de lámh ina leith tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus sula ngabhfaidh éifeacht le foirceannadh an Chomhaontaithe seo, leanfar díobh go dtí go dtabharfar chun críche iad faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú seo;
- (b) na ranníocaíochtaí airgeadais bliantúla uile a bheidh dlite tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déanfar iad a íoc ina n-iomláine i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú seo; agus
- (c) socróidh na Páirtithe de chomhthoil aon iarmhairt eile a bhaineann le foirceannadh an Chomhaontaithe seo.

10. Le linn chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a chur ar fionraí, nó tar éis a fhoirceannta, leanfar den fhaisnéis uile a chomhroinntear faoin gComhaontú seo a chosaint i gcomhréir leis na cosaintí agus na coimircí a leagtar amach in Airteagal 9 den Chomhaontú seo.

## AIRTEAGAL 15

### Teacht i bhfeidhm agus Cur i bhfeidhm Sealadach

1. Déanfaidh gach Páirtí an Comhaontú seo a fhorghéar i gcomhréir lena cheanglais agus lena nósanna imeachta inmheánacha faoi seach. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile gur cuireadh a cheanglais agus a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach i gcrích.
2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis na míosa ina dtabharfar an fógra deireanach dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo.
3. Cuirfidh an tAontas agus Ceanada an Comhaontú seo i bhfeidhm go sealadach, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, i gcomhréir lena gcheanglais agus nósanna imeachta inmheánacha faoi seach. Tosóidh cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo ar an dáta deireanach a thabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile gur cuireadh i gcrích a cheanglais agus a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun na críche sin.
4. Má thugann ceann de na Páirtithe fógra don Pháirtí eile nach gcuirfidh sé a cheanglais agus a nósanna imeachta inmheánacha is gá le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i gcrích, scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige ar an dáta a gheobhaidh an Páirtí eile an fógra sin, arb é a bheith sa dáta sin dáta foirceanta an chur i bhfeidhm shealadaigh chun críocha an Chomhaontaithe seo.
5. Má scoireann an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo:
  - (a) maidir le gealltanais dhlíthiúla arna nglacadh de lámh ina leith tar éis chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo, agus sula scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige, leanfar díobh go dtí go dtabharfar chun críche iad faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú seo;

(b) na ranníocaíochtaí airgeadais bliantúla uile a bheidh dlite tar éis chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo, déanfar iad a íoc ina n-iomláine i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú seo; agus

(c) socróidh na Páirtithe de chomhthoil aon iarmhairt eile a bhaineann le foirceannadh chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo.

6. Tar éis chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo a fhoirceannadh, leanfar den fhaisnéis uile a chomhroinntear faoin gComhaontú seo a chosaint i gcomhréir leis na cosaintí agus na coimircí a leagtar amach in Airteagal 9 den Chomhaontú seo.

Tarraingeofar an Comhaontú seo suas i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

Á FHIANÚ SIN, chuir na daoine thíos-sínithe, agus údar cuí acu chuige sin, a lámh leis an gComhaontú seo.

Arna dhéanamh i/sa ... an lá seo de ... sa bhliain ...

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar ceann Cheanada

AIRTEAGAL 1

Téarmaí íocaíochta

1. Déanfar íocaíochtaí atá dlite de bhun Airteagal 6 den Chomhaontú seo i gcomhréir leis an Airteagal seo.
2. Agus an glao ar chistí á eisiúint aige le haghaidh gach bliana a bheidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, a luaithe is féidir agus ar an 1 Márta gach bliain airgeadais ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún in iúl do Ceanada méid na ranníocaíochta rannpháirtíochta dá dtagraítear i mír 5, pointe (b), d'Airteagal 6 den Chomhaontú seo agus, más infheidhme, an méid arna choigeartú i gcomhréir le mír 3, pointe (c), d'Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo.
3. An 1 Márta gach bliain féilire ar a dhéanaí ina bhfuil an Comhaontú seo i bhfeidhm, eiseoidh an Coimisiún glao ar chistí chuig Ceanada a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht airgeadais Ceanada faoin gComhaontú seo.
4. Íocfaidh Ceanada an méid a léireofar sa ghlaó seo ar chistí laistigh de 60 lá ó dháta eisiúna an ghlaó ar chistí.
5. Is é an toradh a bheidh ar aon mhoill ar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais go n-íocfaidh Ceanada ús íocaíocht dhéanach ar an méid atá gan íoc ón dáta dlite suas go dtí an lá a íocfar ina iomláine an méid sin gan íoc.

6. Is é an ráta úis ar mhéideanna is infhaighte nach n-íoctar ar an dáta dlite an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina mbeidh an dáta dlite, nó 0 %, cibé acu is airde, móide 3,5 pointe céatadáin.

## AIRTEAGAL 2

### Athbhreithniú bliantúil ar an ranníocaíocht rannpháirtíochta

1. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar rannchuidiú rannpháirtíochta Cheanada idir mí Eanáir agus mí Feabhra gach bliain tar éis bhliain theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus déanfar sin go dtí mí Feabhra 2031.
2. Tar éis gach athbhreithnithe, soláthróidh an tAontas gach faisnéis ábhartha do Cheanada a úsáidtear chun ranníocaíocht rannpháirtíochta Cheanada a chinneadh i gcomhréir leis an Airteagal seo. Soláthróidh an tAontas an fhaisnéis sin do Cheanada sula ndéanfaidh sé an glao ar chistí de bhun Airteagal 1 den Iarscríbhinn seo.
3. Ó 2027 ar aghaidh, déanfaidh an tAontas ranníocaíocht rannpháirtíochta bhliantúil Cheanada a chinneadh mar a leanas:
  - (a) i gcás conarthaí ina dtionscnaíonn níos mó ná 65 % de luach iomlán an ábhair san Aontas, i Stát CSTE LEE nó san Úcráin, is é nialas a bheidh sa ranníocaíocht rannpháirtíochta;

- (b) i gcás conarthaí ina dtionscnaíonn 65 % nó níos lú de luach iomlán an ábhair san Aontas, i Stát CSTE LEE nó san Úcráin, is é a bheidh sa ranníocaíocht rannpháirtíochta 15 % de shuim luach iomlán na nithe seo a leanas:
- (i) conarthaí a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE agus a dhéantar a dhámhachtain ar eintitis dhlítheanacha Cheanada lúide an luach a chuirtear ar fochonradh chuig eintitis dhlítheanacha nach eintitis dhlítheanacha Cheanada iad; agus
  - (ii) conarthaí a chuirtear ar fochonradh chuig eintitis dhlítheanacha Cheanada i gconarthaí arna ndámhachtain d'eintitis nach eintitis Cheanada iad.
- (c) asbhainfidh an tAontas ón méid a chinnfear faoi mhír 3, pointí (a) agus (b), aon luach a bheidh fágtha den tráthchuid tosaigh dá dtagraítear i mír 5, pointe (a), d'Airteagal 6 den Chomhaontú seo:
- (i) más uimhir dhiúltach a bhíonn i dtoradh an ríomha sin, is éard a bheidh sa mhéid deimhneach coibhéiseach an ranníocaíocht rannpháirtíochta bhliantúil a bheidh le híoc; nó
  - (ii) más uimhir dheimhneach a bhíonn i dtoradh an ríomha sin, is éard a bheidh sa mhéid sin an luach atá fágtha den tráthchuid tosaigh le haghaidh an chéad athbhreithnithe bhliantúil eile, agus is é nialas a bheidh sa ranníocaíocht rannpháirtíochta le haghaidh na bliana sin.
4. Déanfar athbhreithniú deiridh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh Ionstraim SAFE.
5. Soláthróidh na Ballstáit sonraí conarthacha a bhaineann leis na conarthaí a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE chun gur féidir an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm.